Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

C/2024/6775

15.11.2024

GA
Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6775)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú i bpáirt

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 7732	8 Samhain 2024	trí-ocsaíd chróimiam (CE Uimh. 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	Bacrom S.L., C/Garbí 12, 08150 Parets del Valles, Barcelona, an Spáinn	REACH/24/70/0	Úsáid thionsclaíoch chun sleamhnáin sleamhnaithe a phlátáil go crua i gcórais gearrtha tíleanna ceirmeacha, slata forc crochta agus maolairí turrainge le haghaidh gluaisrothar, caidéil ghréiscthe, glais aeroibrithe bus agus tram, treoir snátha sa tionscal teicstíle agus slata peile boird	26 Aibreán 2029	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu)

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.